

*Uaigneach a-deirthe ar Dún Baoi: marbhna ar*  
Eóghan Óg Ó Súilleabháin (†1616)



Philip Mac a' Ghoill

Celtica 35 (2023), 190–208

DOI: 10.58480/SCS-pwg7d-gqgk7

**DIAS**

Institiúid Ard-Léinn | Dublin Institute for  
Bhaile Átha Cliath | Advanced Studies



© School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.

This work is licensed under CC BY-NC 4.0. To view a copy of this  
license, visit <https://creativecommons.org/licenses/by-nc/4.0/>

*UAIGNEACH A-DEIRTHEAR DÚN BAOI:*  
MARBHNA AR EÓGHAN ÓG Ó SÚILLEABHÁIN (†1616)<sup>1</sup>

ACHOIMRE

Is éard atá san alt seo ná eagrán criticiúil den dán *Uaigneach a-deirthear Dún Baoi*, marbhna ar Eóghan Óg Ó Súilleabháin, a cumadh sa bhliain 1616. Tá an dán lán le híomhánna suimiúla den dúlra, agus tugtar léargas suimiúil dúinn ar an bport ag Dún Baoi ag an am sin agus an tábhacht a bhain leis mar ionad trádála agus láthair chruinnithe. Tá an t-eagrán bunaithe ar an dá leagan den dán a mhaireann i LSí in Acadamh Ríoga na hÉireann. Foilsíodh tras-scríbhinn den dán seo in *ABM* sa bhliain 2010 le heagarthóireacht éadrom déanta air. Tá aistriúchán Béarla curtha ar fáil anseo taobh leis an eagrán, chomh maith le plé ar theanga, meadaracht agus ábhar an dáin.

ÁBHAR AN DÁIN

CUMADH AN MARBHNA SEO d'Eóghan Óg (mac Eóghain mhic Dhiarmada) Ó Súilleabháin tar éis a bháis sa bhliain 1616. Tugtar íomhánna suimiúla dúinn sa dán den phort ag Dún Baoi sa tréimhse a raibh Eóghan Óg ar an saol. Deir an file linn go mbíodh an port lán le longa trádála as tíortha éagsúla in iarthar na hEorpa; an Spáinn, an Fhrainc, Sasana, Albain agus críoch Lochlann (rainn 6–9). Ní hamháin gur phort tábhachtach trádála é, ach de réir an fhile b'ionad tábhachtach é do na filí chomh maith, a bhíodh ag teacht le chéile ansin as gach cearn den tír (rainn 3, 10, 14).


Tá an dán seo lán den saghas friotail agus íomhánna a mbeifí ag súil leis i marbhna ón tréimhse seo, go háirithe íomhánna den tír, de mhuintir na háite, agus den dúlra faoi rath agus suaimehneach a fhad is go raibh an ceannaire beo. Ar an taobh eile, áfach, tá íomhánna d'uaigneas, marbhántacht, míshuaimehneas agus éadairbhe mar go bhfuil an ceannaire anois marbh. Déantar cur síos ar an bpátrún mar cheannaire láidir, flaithiúil, agus tar éis a bháis caoineann an pobal agus an dúlra é in éineacht lena chéile (rainn 11–20). Cuireann an file Eóghan Óg i gcomparáid le Diarmaid Ruanaidh (†665), mac Aodha Sláine agus rí ar Theamhair, duine eile, de réir an fhile, a raibh gach bua agus rath aige le linn a ré (rainn 21–6).

<sup>1</sup>Tá an t-alt seo á fhoilsiú mar chuid de thionscadal MACMORRIS atá faoi stiúir an Ollaimh Pat Palmer in Ollscoil Mhá Nuad agus atá maoinithe ag an gComhairle um Thaighde in Éirinn. Tá mé buíoch de Dheirdre Nic Chárthaigh, Mícheál Hoyne, eagarthóirí *Celtica* agus an léitheoir a cheap siad as a gcuid moltaí le barr feabhais a chur ar an alt seo. Mé féin faoi deara gach botún agus dearmad.

Tugann an file ceithre rann le béim a leagan ar an tábhacht a thug Eóghan Óg dá chreideamh (rainn 27–30), agus maíonn an file gur mar gheall ar an gcreideamh daingean agus an díograis dhiaga sin a bhí Eóghan Óg chomh rathúil le linn a shaoil. Tagann an dán chun deiridh le iargcomharc don Mhaighdean Mhuire (rann 36).

AN PÁTRÚN AGUS AN TEIDEAL Ó SÚILLEABHÁIN BÉIRRE

Fear de mhuintir Shúilleabháin Béirre ab ea Eóghan Óg a raibh seilbh ag a theaghlach ar cheantar Bhéarra agus Bheanntaí in iarthar Chorcaí/deisceart Chiarraí.



De réir *AFM*, tháinig Eóghan Ó Súilleabháin (athair Eóghain Óig) i gcomharbas ar a dheartháir, Domhnall Ó Súilleabháin Béirre, sa bhliain 1563:


O Súillebhán Béirre Domhnall, mac Diarmata [...] do thuitim [...] agus a brathair Eoghan Ó Suillebhain do ghabháil a ionaidh.

‘O’Sullivan Beare (Donnell, the son of Dermot [...]) was slain [...]. His kinsman, Owen O’Sullivan, took his place.’ (*AFM* 1563.2)

Deir na Ceithre Máistrí linn go raibh an teideal Ó Súilleabháin Béirre ar an Eóghan seo fós sa bhliain 1585:

Do chuaidh ann dna Ó Suillebháin Berre, Eocchan mac Diarmatta  
‘Thither likewise went O’Sullivan Beare (Owen, son of Dermot [...])’ (*AFM* 1585.22)

<sup>2</sup>Tugtar ainm bhean Eóghain Óig sa dán *Cia so chaoineas críoch Bhanbha?* (O’Flatherty 1918) a chum an file céanna, Tadhg Ó Dálaigh, do mhac Eóghain Óig, Diarmaid, nuair a fuair seisean bás sa bhliain 1618: 10ab *Deas abuigh iothrach deighshíl / caomthach ocht[a] Eibhéilín*



Tiarnas Uí Shúilleabháin Bérre c. 1534  
bunaithe ar 'Map 1, LORDSHIPS, c. 1534'  
le K. W. Nicholls (Moody et al. 1976: 2–3)

Nuair a d'éag Eóghan sa bhliain 1594, áfach, ní dheachaigh an teideal go dtí a mhac, Eóghan Óg, ach go dtí a nia, Domhnall, agus tugtar le fios go raibh aighneas ann i dtaca leis an teideal ar feadh bliana (ar a laghad) roimh a bhás:

Ó Súillebháin Bérre, Eocchan, mac Diarmata, mic Domhnaill do écc. Ar a aoí ní bhó Ó Súillebháin Beirre é an tan sin gér bhó headh riamh, dóigh ro bean mac a dearbhrathar an bhliadhain ria na écc Dún Baoí, agus Bérre de .i. Domhnall mac Domhnaill mic Diarmata iar mbreith chomhairle Saxan agus comhairle na hEreann agus ro gaireadh Ó Súillebháin Bérre do Dhomhnall feissin.

'O'Sullivan Beare (Owen, the son of Dermot, son of Donnell) died. He was not, however, O'Sullivan Beare at that time, though he had once been ; for in the year previous to his death, his brother's son, Donnell, son of Donnell, son of Dermot, had, by the decision of the Council of England and the Council of Ireland, deprived him of Dunbaoi and Beare and Donnell himself was nominated O'Sullivan Beare.' (AFM 1594.2)

Ní thugtar an teideal Ó Súilleabháin Bérre ar Eóghan Óg in aon fhoinsé (go bhfios dom) a bhaineann le blianta an chogaidh a tháinig ina dhiaidh sin (1594–1603) agus is cosúil gur éirigh le Domhnall Cam an teideal a choinneáil gan mórán coimhlinte le linn an ama sin. Is léir, áfach, go raibh stádas ar leith ag Eóghan Óg agus tá tagairt déanta dó seo in *Pacata Hibernia*, áit a ndéantar cur síos ar achran agus ar chomhfhreagras idir é agus Fínghean Mac Carthaigh (†1640) i dtaca leis na hiarrachtaí in éadan na Sasanach le linn Chogadh na Naoi mBliana:

[Florence Mac Carty] wrote several letters to the gentlemen near adjoining, namely O'Sulevan, MacFinnin, the two O'Donoghs, and others, to assemble at a time and place appointed to create him Mac Carty More ; and whosoever he was that refused to come he persecuted as his mortal enemy ; and hereof Owen O'Sulevan (eldest son to Sir Owen O'Sulevan, deceased) had woeful experience ; for upon his absence from his meeting he caused the bonoghs (which he had now entertained) to prey and rob the said Owen and some of his tenants, taking one John Oge prisoner... (*Pacata Hibernia*, 234)

Florence [Mac Carty] sent Teg O'Holloghan and Donogh Offally to Owen O'Sulevan, using many strong motives and forcible persuasions to him that he should join with them in action against her Majesty, assuring him that all the O'Sulevans would presently show themselves publicly for the Catholic cause if they might perceive that he would partake with them [...] Also Owen O'Sulevan, being with Florence Mac Carty at the palace heard him say that he had almost as willingly die as come under the English Government, and persuaded all those he spoke with to be obstinate in action, telling him how long Ireland had been tyrannically governed by Englishmen. All which O'Sulevan aforesaid related to the President, and hereto took his corporal oath the one-and-twentieth of March, 1600. (*Pacata Hibernia*, 237–8)

Nuair a tháinig an t-ionsaí ar Dhún Baoi ó fhórsaí na Corónach sa bhliain 1602, chuidigh Eóghan Óg agus a dheartháireacha leis na hiarrachtaí in éadan Dhomhnaill Chaim:

Ro fhorchongair an Iustis for an Iarla dol go Bérré go ttribh mílibh saighdiúir a maille fris, dus an ccaomhsadh ammus do thabhairt ar Ua Suillebhán mBerre [...] Báttar clann Eocchain ag congnamh las an Iarla i nagaídh Uí Suillebháin dóigh do bhean Ó Suillebháin Dún Baoi agus Berre dia nathairsiomh do bhreith na comhairle toir agus bhus agus baoi aga rádha gur bhó dó ro badh dleacht cíós dfaghbháil i mBeanntraighe.

'The Lord Justice ordered the Earl to proceed to Beare, with three thousand soldiers, to see if he could [advantageously] make an attack upon O'Sullivan Beare [...] The sons of Owen [son of Dermot] were assisting the Earl against O'Sullivan, because the O'Sullivan had taken Dun-Baoi and Beare from their father by the decision of the Council beyond and here, and was accustomed to say that he should by right receive the rents of Bantry.' (*AFM* 1602.11)

Sna blianta i ndiaidh Chogadh na Naoi mBlíana, bhí Domhnall Cam ar díbirt sa Spáinn, agus sa bhliain 1612, d'athbhronn Séamas I caisleán Dhún Baoi agus an

talamh thart air ar Eóghan Óg. Faoin mbliain 1615, bhí na teidil Ó Súilleabháin Béirre agus Tiarna Bheanntaí air (Burke 1893, xii). D'éag sé ar 31ú Lúnasa 1616, agus tháinig a mhac, Diarmaid, i gcomharbas air. Fuair Diarmaid bás go gairid ina dhiaidh sin, agus tháinig a dheartháirsean, Domhnall, a raibh páirt aige san éirí amach i 1641, i gcomharbas air sa bhliain 1618.

#### AN FILE

De réir scríobhaí Leabhar an Athar Ó Gadhra (féach an plé ar LSí thíos), Tadhg (mac Dhiarmada Óig) Ó Dálaigh a chum an dán seo. File de mhuintir Uí Dhálaigh Chairbrigh ab ea é, a raibh cónaí orthu i gceantar Chill Chrócháin, Co. Chorcaí. Leagtar ar a laghad ceithre dhán air a mhaireann go dtí an lá inniu. Ina measc, tá na dánta grá *A shlat leabhar na gcíoch mbláith* (ABM 22) agus *A-tá grádh nach admhaim oirn* (DG, dán 31), an péire acu don bhean chéanna de réir scríobhaí RIA LS 23 G 23 (198–9). Chum sé an marbhna *Tarraidh tuiseal tír Luighdheach* (O'Donovan 1849, 340–51) ar Fhínghean Ó hEidirsgeóil (†1614), agus marbhna eile ar Dhiarmaid Ó Súilleabháin (†1618), mac Eoghain Óig, *Cia so chaoineas críoch Bhanbha?* (O'Flatherty 1918, 46–57). Ba é mac an Taidhg seo, Diarmaid, a chum an dán *Iomdha buaidh ar chrích Chairbreach* (ABM 282), marbhna ar Thadhg an Dúna Mac Carthaigh (†1649) agus an dán polaitiúil *Do-rinneadh comhuidhigh ar fhéagain d'Éireannchaibh* a cumadh do dhuine de mhuintir de Barra (AiD, dán 35).

#### LÁMHSCRÍBHINNÍ

Tá an t-eagrán thíos bunaithe ar an dá leagan den dán a mhaireann i LSí 23 F 16 agus 23 L 17, Leabharlann Acadamh Ríoga na hÉireann. Tá an chóip is luaithe den dán ar leathanaigh 162–3 de LS 23 F 16 (.i. Leabhar an Athar Ó Gadhra, LS A as seo amach), a scríobh Fearghal Dubh Ó Gadhra sa Bhruiséil sa bhliain 1657. Is ar leathanaigh 17a–18a de LS 23 L 17 (LS B as seo amach) atá an dara cóip den dán seo (féach O'Rahilly 1926: 6). Scríobh Seán Ó Murchadha na Ráithíneach (1700–62) an chuid is mó den LS seo, na leathanaigh ar a bhfuil cóip den dán thíos san áireamh, i gCarraig na bhFear, Co. Chorcaí, idir na blianta 1744 agus 1745 (féach O'Rahilly 1926: 19). Foilsíodh tras-scríbhinn den dán seo in *ABM* (dán 489) le heagarthóireacht éadrom déanta air bunaithe ar an leagan den dán LS A.

#### POLASÁI EAGARTHÓIREACHTA AGUS MALAIRTÍ

- Mé féin faoi deara ceannlitreacha, poncaíocht, áit an tsínidh fhada taobh istigh de shiolla, agus scaradh na bhfocal.
- Tá noda scaoilte agam i gcló iodálach.

- Tá comharthaí séimhithe scaoilte agam mar ‘h’ gan a bheith i gcló iodálach ach amháin nuair atá an comhartha séimhithe mar chuid de líne chrochta shéimhithe.
- Léiríonn líne trí fhoca(i)l sna léamha (m.sh. *teæ*, líne 36a) botún de chuid an scríobhaí a cheartaigh sé féin sa LS. Agus cuirim litreacha idir na lúibíní < ... > le doiléire sa LS a léiriú sna léamha.
- Tá síntí fada bainte agam os íseal de na défhoghair *ao*, *ia* agus *ua*, ach coinnítear síneadh fada ar an défhoghar *eó* agus cuirtear síneadh fada leis nuair atá sé ar iarraidh i leagan na LSe.
- Úsáidim macran le síneadh fada nach bhfuil sa LS a chur ar fáil, agus tá síntí fada neamhstairiúla bainte agam os íseal (m.sh. *bárr*, líne 31c).
- Déanaim normalú os íseal ar litriú roinnt focal coitianta neamhaiceanta: *a > i* (i. an réamhfocal *i<sup>m</sup>*), *as > is* (an chopail/an cónasc); agus athraím *cc-* > *gc-* agus *tt-* go *dt-*.
- Déanaim normalú os íseal ar ghutaí neamhaiceanta nach bhfuil fada (m.sh. *2b ndúnuídh > ndúnaídh*, *4d loingios > loingeas*, *6c loingsi > loingse*).
- Úsáidim lúibíní cearnacha chun litreacha nach bhfuil sa LS a chur ar fáil.

I gcás athruithe eile, gheofar léamha na LSe ag bun an leathanaigh. Ní chuirtear san áireamh sna léamha éagsúlachtaí idir na LSí i dtaca le comharthaí séimhithe ná síntí fada (m.sh. LS A bhfaoinfhíodh, LS B bhfaoinfhíodh) ach amháin nuair atá éiginnteacht ann faoi athrú tosaigh nó faoi bhrí an fhocail.

#### TEANGA AGUS MEADARACHT

Deibhí, dán díreach, meadaracht an dáin seo, agus is beag áit i leaganacha na LSí nach dtagann an téacs leis na rialacha a bhaineann leis an meadaracht sin. Déanaim plé ar dheacrachtaí a bhaineann leis an meadaracht sna nótaí.

##### *Athruithe tosaigh*

Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ainmneach uatha baininsneach i línte 26c (*buaídh c[h]atha nō ciorrhadh corp*) agus 34b (*tír thoiceach s[h]íl Shúilleabháin*). Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar fhocal baininsneach ar lorg an ailt i líne 24d (*an g[h]éag aolghruaidh Uisnigh*).

Tá urú curtha ar fáil agam ar lorg áinsíoch uatha i línte 12a (*Comhumhal re crích [m]Béirre*) agus 27a (*Séan d'éirghe le earla [n]glan*).

Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg tabharthach uatha i línte 11d (*claonchrom do Ghuaire G[h]aoidheal*), 12d (*ag díolf[h]iach an Eōghoin-se*), 19b (*ag deilbh m[h]aoithe mheic Eōghain*), 29cd (*lán d'fhírmhéin [...] m[h]ínréidh aobhdha urnaightheach*) agus faoi dhó i líne 33b (*d'iath B[h]éarra agus B[h]eantraighe*).<sup>3</sup>

<sup>3</sup>Féach IGT ii §15, 699 agus §42, 1186, áit a bhfuil sampla eile de shéimhiú i bhfeidhm ar dhá fhocal, roimh agus i ndiaidh an chónaisc.

Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ginideach uatha a chríochnaíonn ar chonsan caol i línte 13c ([is] *fearg neartdhrong mhúir M[h]oghadh*), 29b (*do bhí mac mheic D[h]iarmada*), agus 34b (*tír thoiceach shíl S[h]úilleamháin*). Tá urú curtha ar fáil agam ar lorg ginideach iolra i línte 15b (*is caoine bhan [m]Beanntraighe*), 19d (*ag foighreadh ardb[h]ruach [n]Éireann*) agus 24b (*do chlaon rath innbhear [n]Éirionn*), agus tá séimhiú bainte agam ar lorg ginideach iolra i líne 19c (*céim gargluath na ngoirmshreabh s(h)eang*).

Tá séimhiú curtha ar fáil agam chomh maith tar éis an réamhfhocail shimplí tre i líne 20c (*ag caoi tre choghnach bheann mBreagh*).

### Dúnadh

Tá dúnadh cuí ag deireadh an dáin:

- 1a      **Uaigneach** a-deirthear Dún Baoi  
 35d      dháibh 'na easbaidh is **uaigneach**.

### TÉACS

1. Uaigneach a-deirthear Dún Baoi,  
 ráth mhaordha an mhuighe fēarnaoui,  
 múr meadhrach na bhfaoinfhiodh bhfionn,  
 teaghlach aoidhiodh na hÉirionn.
2. A-táid uaigneach re haimsir,  
 faighthe a ndúnaidh d[h]ioghain[n]-sin,  
 srotha ionmhalla a ngort nglan,  
 port dioghlama na ndeōradh.

### AISTRIÚCHÁN

1. Dún Baoi is said to be lonely, the stately fort of the grassy plain, the joyful castle of the fair, low-lying trees, the household of the guests of Ireland.
2. They are lonely for a while now, the green of their strong fort, the lazy streams of their clear fields, the port where peripatetic poets gather.

### MALAIRTÍ

1a adearthar B; 1b mhúighe fhearnaoui B; 1d cis (?) na B in áit na  
 2b dhioghainnsin B; 2c ionnmhalla B

3. Gus an teach a-tá fa sgís  
cumhain liom lā go mbeirdís  
cuairt siar gus an bhfa[i]rge bhfinn  
cliar gacha hairde d'Éirinn.
4. An aith[bh]e, gidh uaigneach dhi,  
fa Dhún Baoi na mbárc n-uaine,  
gach sruth mín longbhān mun lios  
do-chínn lomlán do loingseas.
5. Bás a chodhnaigh – céim neamháigh –  
éag Eōghain Í Shúilleabháin,  
tug an fhaighthe, an tráigh, an teach,  
cláir na haithbhe go huaaigneach.
6. An baile robudh buidhneach  
dá maireadh flaith fianbhuidhneach  
caladh budh lán do loingse –  
raghar dá n-ádh attoirse.
7. Do budh luchtmar na linntea  
ag cabhlach chrann n-in[n]illte  
a Sag[h]saibh na síothbhárc bhfinn  
is d'amhsaibh fhíorthrácht nÉirionn.
3. I remember a day when the learned of every corner of Ireland would pay  
a visit west to the bright sea, to the house that is [now] grieving.
4. Though the ebb-tide is lonely [now] around Dún Baoi of the green-grey  
ships, I used to see every calm, ship-white inlet around the fort filled to  
capacity with ships.
5. The death of its leader, the death of Eóghan Ó Súilleabháin – a peaceful  
step – has made the green, the shore, the house [and] the plains of the  
ebb-tide lonely.
6. Had the prince of hunting bands survived, the town would be crowded  
[and] the harbour full of ships – great sadness was too close to their good  
fortune.
7. The waters would be filled by a fleet with masts arranged from England  
of the bright, peaceful ships and [full] of hired servicemen of the true  
trade (?) of Ireland.

3a tteach B; 3b mbeidís B; 3d háirde dhéirinn B

4a aithfe B; 4d dó chín lómlán A, do chin n lomnán B

5a chognuidh A coghnuidh B, neamháidh B; 5b shuillemháin A, shúilleamháin B; 5c  
trágh B; 5d clár B, haibhte A, haibhte B

6a buighneach A, búidhneach B; 6b flath B; fianbuighneach A, fianmhúimhneach B; 6c  
bá AB; 6d róghar A, roghar B, atoirse B

7a do bá AB, lachtmar A; 7b cobhlach B; 7c siodhbharc B

8. Do budh cumhang an cuan glan  
ag loingeas oirir Alban  
's na tonna fá línibh long  
a tíribh lonna Lochlonn.
  9. D'fhoirribh líomhtha long Sbáinneach  
do bhiadh an cuan conghāireach;  
do budh cuan líonm[h]ar an loch  
treasan sluagh bhfiorg[h]lan bhFrangcach.
  10. Do bhiadh folach na faighthe  
uirre d'ógaibh armghairthe;  
do budh aimhréidh thall as-tigh  
ainréim ann ag na héigsibh.
  11. Do bhiadh do bharr na toinne,  
a leith umhla is urroime,  
an bhuaile laochlong tar lear  
claonchrom do Ghuaire G[h]aoidheal.
  12. Comhumhal re crích [m]Béirre  
gan fhormad, gan aimhréidhe,  
do bhiath líon gacha loingse  
ag díol f[h]iach an Eōghoin-se.
8. The clear harbour would be tight[ly packed] by a fleet from the coast  
of Scotland, and the waves filled with ships from the fierce lands of  
Scandinavia.
  9. The harbour would be crowded with polished crews of Spanish ships; the  
inlet would be a full harbour with the truly bright French crowd.
  10. The green would be hidden under warriors with shining weapons; inside  
it would be quarrelsome [where] there is a huge company (?) of the  
learned.
  11. Across the sea, above the waves, in regards to humilty and respect, the  
enclosure (?) of warrior-ships would be laden [with goods] because of  
Guaire of the Gaels [.i. Eóghan Óg Ó Súilleabháin].
  12. As obedient as the land of Beara [was to him], the entirety of every fleet  
would be paying a debt to Eóghan without envy or trouble.

8a do bá chumhang A, do ba cumhang B; 8b oirer B; 8d tiribh B

9a liomhtha B; 9c do ba hōn A, do bá B; 9d bfrangach A, bhfranncoch B

10c dó bá haimhreidh hall A, do ba haimhréidh thall B

11a tuinne B; 11b urruime B; 11d ghaidheal B

12a Comhumhail A, bheirre A bheirre B; 12c bhiadh AB

13. Tiocfadh d'aonghuth Eōghain Óig,  
an tan budh ai[dh]bhle an urchóid  
[is] fearg neartdhrong mhúir M[h]oghadh,  
tnúidh na n-eachtronn d'ísleaghadh.
  14. Éigse Banbha na mbreath dtréan,  
ón lō nach mair mac Oiléan,  
ní d'fhéin an iathair fhéachaid  
'gā dtriathaibh féin fuirēachaid.
  15. Tug treathan na dtonn muire  
is caoine bhan mBeanntraighe  
's tug feartha fhearchon Eanaigh  
neamhthol eachtra ar f[h]ileadhaibh.
  16. Ní sheólaid a longa a-le  
ón uair teasda fear Faoide;  
cúis na ndeōradh is liach leam  
ag seōladh tar iath nĒireann.
  17. Rath an mhara, measaid soin,  
d'imtheacht uile d'éag Eōghain;  
snuadh aighthe an chaomhchuain do chlódh,  
gaothbhuidh na haithbhe d'iompódh.
13. Whenever the malice and the wrath of the powerful hosts of Mogh's castle (?) was at its greatest, a single utterance from Eóghan Óg could abate the fury of the foreigners.
  14. Since the day Oiléan's son died, the learned of Ireland of strong judgments do not look to the warband of the west, they will remain with their own lords.
  15. The storminess of the sea's waves, the keening of the women of Bantry, and the graves of the fierce warriors of Eanach have left poets unwilling to journey [there].
  16. Since the man of Whiddy died, they do not sail their ships here; I am saddened by the reason the wanderers are sailing past the land of Ireland.
  17. They reckon the prosperity of the sea has completely gone as a result of Eóghan's death; the colour of the surface of the pleasant harbour has turned, as have the favourable winds of the ebb-tide.

13a Tiocfaidh B; 13d tnúith B, dísligadh A, díslighadh B

14b lá B; 14c dféinn B, fheachuidh B

15a mara B; 15b bean beanntraighe A, bhan beanntradha B; 15c fhearchoin A, fearchon B; 15d neamhthoil A

16a seoluid B; 16b theasda B

17a in A; 17c cáomhchúan A; 17d haibhthe A, háibhthe B

18. Do thréig an tan-so a toradh  
fearg na mara ag méadaghadh  
ní[o]r noch, trá, a nimh gus a-níodh –  
a-tá sin mar do saoiléadh.
  19. A-tá mar an muir a-moigh  
ag deilbh m[h]aoithe mheic Eōghain;  
céim gargluath na ngoirmshreabh seang  
ag foighreadh ardb[h]ruach nÉireann.
  20. A-táid ag caoi uma chéibh ngloin,  
an tsíon, an úir, an fhiodhbhaidh,  
ag caoi tre c[h]oghnach bheann mBreagh;  
fordhath na reann ag ruaimneadh.
  21. Mar sin dóibh athaigh oile  
dúile Banbha braonaighe –  
fa hainmhín a gcor 'ma ceann –  
ar ndol d'airmrígh na hÉireann.
  22. Is é an rí-sin reacas mē  
mac ordhraic Aodha Sláine,  
nathair chrōdha baothchlann mBreagh,  
saorchrann far chōra caoineadh.
18. At this time, [with] the wrath of the sea growing, it has abandoned its fruitfulness; indeed, it never exposed its venom until today – that is as was predicted.
  19. It is as though the incoming tide is shaping the sorrow regarding Eóghan's son; the quick, rough manner of the dark, slender streams burnishing the high banks of Ireland.
  20. The weather, the earth and the woods keen over his bright hair, keening for the leader of the peaks of Ireland; the colour of the spears becoming red.
  21. The people of Ireland were tearful in the same way at another time – harsh was their plight in this regard (?) – when the armed king of Ireland was gone.
  22. That king of whom I speak is the famous son of Aodh Sláine, the fierce serpent of the wild (?) families of Ireland, the noble tree for whom it was most fitting to keen.

18b meadugadh A, méadoghadh B; 18c aniudh A, aniogh B; 18d mur A

19a mur A, amuigh B; 19b mhic B; 19c sheang A; 19d eireann A

20a má B; 20b fhiodhbuigh A, fhiodhbhoigh B; 20c mbreadh AB; 20d ruaimhneadh A

21a mur A; 21d ndul A

22a ríghsin AB; 22b ordhuire B; 22c mbreadh AB

23. Do bhí Éire an fhochain ghloin  
go dul do Dhiarmaid Ruanaidh  
lán d'fhorghrán mhuighe, do mheas,  
comhlán don uile aoibhneas.
24. Do shearg cnuas a coillteadh bhfionn  
do chlaon rath innbhear [n]Éirionn  
táir gach aonbhuidh dā ēag sin,  
an g[h]éag aolghruaidh Uisnigh.
25. A hadhra[dh] Airdríogh nimhe  
a los umhla is aithrighe  
do bhí gach lānbhuidh re a linn  
an rí do árluaidh Éirinn.
26. A dhóchas i nDia Athar  
fuair sin cách do cheannsachadh,  
buaidh c[h]atha nō ciorrbhadh corp,  
ionnramh ratha agus ríoghacht.
27. Séan d'éirghe le earla nglan,  
amhlaidh sin do f[h]uair Eóghan:  
ráinig sé síothchladh na sean  
a fíorthal Dē do dhéineamh.
23. Ireland of bright corn was to go to Diarmaid Ruanaidh filled with a great amount of grain of the plain, [full] of tree-fruit, completely filled with every delight.
24. The fruits of her bright woods withered, the prosperity of the estuaries of Ireland declined, every victory expired because of the death of the white-cheeked branch of Uisneach.
25. From worshipping the Highking of heaven [and] as a result of obedience and penance, every complete victory came to pass during his reign, the king who incited Ireland to battle.
26. Through his faith in God the Father, victory in battle, or maiming bodies, he managed to pacify everyone, guiding prosperity and kingdoms.
27. The bright-haired one prospered, this is how Eóghan achieved it: he reached the peaceful rampart (?) of the ancestors by acting in accordance with the true will of God.

23*b* ruanoigh AB

24*c* tar A; 24*d* uisnidh B

25*a* airdrí A airdrígh B; 25*b* aithridhe B; 25*c* re linn B; 25*d* árdluaidh A

26*a* dhóthchus AB; 26*c* ccatha A, catha B

27*a* le éarla glan AB; 27*b* amhluigh AB; 27*c* sídhchladh A; 27*d* déneamh A

28. Ní[o]r dhearmad a dhreach iodhan  
eagla dhíochra an Dúileamhan;  
teasda sé 'na síorlár sin  
i bhfíorghrádh Dé do dhaingnigh.
29. Fa haointeach aimsear fhada  
do bhí mac mheic D[h]iarmada  
lán d'fhírmhéin mhaord[h]a mhaithmheach  
m[h]ínréidh aobhdha urnaightheach.
30. Do lean de diadhacht chroidhe;  
fuair airsídh fhoinn Bheanntraighe  
gach aonbhuidh ar aba sin;  
gaolbhuidh aga re hainglibh.
31. Do bhí méidhe na muire,  
do bhí an talamh toghaidhe,  
barr na sgath, donnghrán na ndreas,  
comhlán do rath 'na reimheas.
32. Do budh suaimhneach na sreabha,  
fa hálainn na háirgheadha,  
fa corcra ceannbhrat na néall  
do d[h]eagmhac ochta Oiléan.
28. His pure face did not forget the intense fear of the Creator; he died in the eternal midst (?) of that [fear] and in the strengthening of true love for God.
29. He was ascetic for a long period; the grandson of Diarmaid was full of truly noble, forgiving, gentle, pleasant, beautiful, prayerful nature.
30. Piety of heart stayed with him, because of that the veteran of the land of Bantry received every victory; he is linked to angels.
31. The neck of the sea, the choice land, the produce of the flowers, the golden fruit of the thorn-bushes were [all] completely full of prosperity during his lifetime.
32. The streams were peaceful, the herds were splendid, the covering cloak of the clouds was crimson for the good son of Oiléan's bosom.

28a Ní dhearmuid B, iogh<a>in A; 28b dúiliomain A; 28d dhaingnidh AB  
29a Ba A, Bá B, aimsior bhfada A, aimsir bhfada B; 29c dfírmhéinn B  
30a diaghacht A; 30b airsigh A; 30c áonbhúaigh A aonbhuidh B  
31a mara B; 31b toghadha B; 31d réimheas AB  
32a Robudh A, Róbudh B; 32b hairgeadh A, hairgheadha B; 32c néal B

33. An ionbhaidh fa fear faire  
d'iath Bhéarra agus Bheanntraighe,  
ar feadh na gcríoch bhfonnbhláth b[h]fionn  
fa comhghnáth síoth is soinionn.

34. An uair-sin fa trom dtionáil  
tír thoiceach s[h]íl S[h]úilleabháin;  
tír gan aonrath 'na heasbhaidh  
an tír aobhdhath áilghean-sain.

35. A-niogh i n-éagmais Eōghain  
ní sáimh do[n] eing ilcheólaigh,  
tír an chneasghloin gan bháidh mbreath  
dháibh 'na easbhaidh is uaigneach.

36. Ar dteach turaidh treabh nimhe  
an Óg[h] iochtmar ainglidhe  
tiocfa dhī ar dtadhall san teach  
nach bí ar n-anam go huaigheach.

33. The period that he was watchman of the land of Beara and Bantry,  
peace and cheerfulness were commonplace across the territory white  
with flowers.

34. At that time the prosperous land of the Uí Shúilleabháin had a great  
assembly, a land not lacking in any success, that pleasant, beautifully  
coloured land.

35. Now that Eóghan is gone, the musical land is no longer peaceful, the land  
of the bright-skinned one who had no partiality in his judgements; they  
are lonely without him.

36. Our house of pleasant weather of heaven's dwellings, it is thanks to the  
kind angelic Virgin, that my soul will not be lonely when I reach that  
house.

33a ionbhuigh A, nionmhuidh B; bá A, budh B; 33b diath bearra 7 beanntraighe A, dia  
béarra 7 beanntraidhe B; 33c fheadh B, bfionnbhláth A; 33d bá A, budh B

34a ba A, bá B; 34b súilleamhain A, suilleamháin B

35b sáimh don B; 35d easbhoigh A, easboigh B

36a tea treabh B; 36b ainglidhe B; 36c taghall AB; 36d gan in áit go A

## NÓTAÍ

**1d.** Is féidir le *ráth* a bheith firinsneach nó baininsneach (*IGT* ii §38, §39). Tá sé baininsneach sa chás seo agus séimhiú ar an aidiacht ina dhiaidh dá réir.

**3b.** Tagann na LSí salach ar a chéile i dtaca leis an mbriathar sa líne seo (A *go mbeirdís*, B *go mbeidís*), agus is fearr a thagann léamh A le brí an rainn ina iomláine. Tá samplaí i ndánta eile ón tréimhse Chlasaiceach de bhriathra éagsúla á n-úsáid leis an bhfocal *cuairt* leis an mbrí ‘visits’ a thabhairt; *do-ní cuairt* (féach, mar shampla, *AiD* 10.37), *cuiridh cuairt* (m.sh. *AiD* 7.19), *beiridh cuairt* (m.sh. *AiD* 40.37).

**4d.** Bheadh léamh B (*lomnán* in áit *lomlán*) go breá anseo chomh maith agus ní chuirfeadh sé isteach ar bhrí an rainn.

**5a.** De réir mo thuisceana, tá an forainm sealbhach *a* ag tagairt don ainmfhocal firinsneach *Dún* sa rann roimhe. D’fhéadfaí glacadh le léamh B anseo chomh maith (.i. *a codhnaigh* in áit *a chodhnaigh*) agus an forainm sealbhach a bheith baininsneach, ag tagairt do *aithbhe* (4a) nó *an fhaighthe* (5c).

**5cd.** Bheadh léamh B (*trágh* : *clár* in áit *tráigh* : *cláir*) go breá anseo chomh maith, agus ní chuirfeadh sé isteach ar an aistriúchán ach amháin go gcaithfí ‘plains’ a athrú go ‘plain’.

**5d.** Tá *haibhte* na LSe (LS B *haibhte*) athraithe agam go *haithbhe* i bhfianaise an fhocail chéanna a bheith i líne 4a. Féach go bhfuil an litriú céanna seo le feiceáil arís i líne 17d i leaganacha na LSí (.i. A *haibhte*, B *háibhte*) agus tá sé athraithe agam go *haithbhe* sa chás sin chomh maith.

**6b.** D’fhéadfaí glacadh le léamh B anseo chomh maith (.i. *flaith fianMhuimhneach* ‘prince of Munster warriors’ in áit *fianbhuighneach* ‘prince of hunting bands’).

**6c.** Tá *bá* na LSí á thuiscint agam mar an chopail sa mhodh coinníollach i bhfianaise an bhriathair sa mhodh foshuiteach i líne 6b (.i. *dá maireadh*) agus an chopail sa mhodh coinníollach i líne 6a (.i. *robudh*). Tá *bá* athraithe agam go *budh* dá réir sin. Tá foirmeacha na copail leasaithe agam i roinnt mhaith línte síos tríd an dáin:

- 7a. *do bá* > *do budh* (modh coinníollach)
- 8a. *do bá* > *do budh* (modh coinníollach)
- 29a. *ba haointeach* > *fa haointeach* (aimsir chaite)
- 33a. *bá* > *fa* (aimsir chaite)
- 34a. *ba* > *fa* (aimsir chaite)

Is cosúil gur léiriú luath é seo ar fhoirmeacha na copaire san aimsir chaite agus sa mhodh coinníollach ag titim le chéile ag an am a raibh na LSí á scríobh (.i. *ba* foirm an mhodha coinníollaigh agus foirm na haimsire caite, mar atá i nGaeilge an lae inniu). Féach freisin nóta 32a thíos.

**7a.** Is fearr a thagann léamh B *luchtmhar* ‘well-filled’ le ciall an rainn ná léamh A *lachtmhar* ‘milky’, agus mar sin tá léamh B curtha ar fáil agam san eagrán.

Maidir le *bá* a athrú go *budh*, féach nóta 6c thuas.

**7d.** Maidir le ‘trade’ mar aistriúchán ar *trácht*, féach *DIL* s.v. 5 *trácht*. Níl mé cinnte faoin aistriúchán seo mar is féidir *trácht* a thuiscint ar go leor bealaí éagsúla: ‘strand, shore; strength, vigour; movement, travelling’, agus d’fhéadfadh ceachtar de na bríonna seo a bheith i gceist leis sa líne seo.

**8a.** Maidir le *bá* a athrú go *budh*, féach nóta 6c thuas.

**8b.** D’fhéadfaí glacadh le léamh B anseo chomh maith (*oirear* in áit *oirir*) agus é a léamh mar thuiséal ginideach iolra: *loingeas oirear Alban* ‘fleet of the coastal borders of Scotland’.

**9.** Tá sampla den ghléas ornáideach *breacadh* sa rann seo (9b *cuan*, 9c *cuan*, 9d *sluagh*). Féach Ní Dhomhnaill (1975, 45–54).

**10d.** Níl mé cinnte faoi bhrí na líne seo, go háirithe an focal *ainréim*. Tá *réim* á aistriú agam mar ‘company’, ag tarraingt ó *DIL* s.v. 1 *réim(m)* (c), áit a gcuirtear *réim* i gcomparáid leis an bhfocal *buidhean*, agus mar aon leis an réimír *an-* tá mé á thuiscint mar ‘a huge company/group’.

**11a.** Ba litriúla ‘above the **wave/surface**’ anseo, mar go bhfuil *tonn* san uimhir uatha.

**11d.** Tugtar *Guaire Gaoidheal* ar an bpátrún anseo. Féach *DIL* s.v. 3 *Gúaire*: ‘Applied eulogistically to a generous, open-handed prince or chief from Guaire Aidne k. of Connacht c. 620–662, famous for his hospitality.’

**13c.** Tá *múr Moghadh* aistrithe agam mar ‘Mogh’s castle’, ach níl mé cinnte faoi seo. D’fhéadfaí *mogh* a léamh mar ‘servant, slave’ (*DIL* s.v. *mug, mog*) freisin, a thabharfadh an bhrí ‘the wall/castle of the servants/slaves’.

Tá siolla ar iarraidh sa dá leagan LSe sa líne seo, agus tá an cónasc *is* curtha ar fáil agam ag tús na líne leis seo a leasú.

**13d.** Tá cuibheas deiridh ar iarraidh sa leathrann seo idir *Mhoghadh* agus *d’isleaghadh*. Ní léir dom aon bhealach simplí leis seo a leasú agus mar sin tá sé fágtha gan athrú.

**14c.** Faightear an dhá litriú *iathar* agus *iarthar* ‘the back part, western part’ i bhfilíocht ón tréimhse seo (féach *DIL* s.v. *íathar*; *íarthar*).

**15ab.** Glactar le *muire* (léamh A) agus le *mara* (léamh B) mar fhoirm an ghinidigh uatha de *muir* (féach *IGT* ii §41, §42), ach mar nach léir dom aon sampla de *\*Beanntragha* mar fhoirm an ghinidigh uatha den logainm seo i bhfilíocht ón tréimhse seo, tá leagan A curtha ar fáil agam san eagrán.

Ní mór glacadh le léamh B anseo (*bhan* in áit *bean*). D’fhéadfaí *ban* a fhágáil gan séimhiú anseo chomh maith agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh (féach *SnaG*, 357–8).

**15c.** D’fhéadfaí *fhearchon* a fhágáil le séimhiú nó an séimhiú a bhaint agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh, agus ní chuirfeadh sé isteach ar uaim na líne.

**17d.** Maidir le *haibhthe* a athrú go *haithbhe*, féach nóta 5d thuas.

**19b.** Níl an séimhiú bainte agam de *mheic* ar lorg ginideach uatha baininsneach agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh.

**20c.** Mar go bhfuil na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh (féach *SnaG* 357–8), níl an séimhiú bainte agam de *bheann* anseo. Mar go leanann an tuiseal áinsíoch an réamhfhocail *tre* de ghnáth, bheifí ag súil le hurú i ndiaidh *tre choghnach* sa líne seo.

**21c.** Níl mé cinnte faoi bhrí na líne seo, go háirithe cad dó a dtagraíonn an forainm sealbhach *a* anseo, nó ar chóir dó a bheith firinsneach (mar atá in LS B) nó baininsneach (mar atá in LS A).

**22a.** Tá an cuibheas deiridh seo idir *mé* agus *Sláine* ceart go leor ó thaobh na meadarachta de. Tá tuilleadh plé ar an saghas seo cuibhis ag Ní Dhomhnaill (1975, 28–9).

**22c.** Níl séimhiú curtha ar fáil agam ar *baothchlann* ar lorg ainmneach uatha baininsneach agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh.

**24d.** Tá siolla ar iarraidh sa líne seo, agus ní léir dom aon bhealach simplí leis seo a chur i gceart.

**25c.** D’fhéadfaí glacadh le léamh A (foirm scartha den aidiacht shealbhach agus an réamhfhocail .i. *re a*) nó le léamh B anseo (an fhoirm nasctha .i. *re*, *ré*). Is féidir teacht ar thuilleadh plé air seo in *SnaG* 431.

**25d.** Maidir le ‘incited’ mar aistriúchán ar *árluaidh* féach *DIL* s.v. luaidid (c) (d).

**27a.** Níl mé cinnte faoi bhrí na líne seo. Ba litriúla ‘Prosperity from his bright hair prospering’.

**28ab.** D’fhéadfaí glacadh le léamh A (*Níor dhearmad*) nó le léamh B (*Níor dhearmaid*) anseo. Féach *DIL* s.v. *dermataid*, *dermaitid*.

Ní mór glacadh le léamh B i dtaca le *iodhan* : *Dúileamhan* (seachas léamh A *iodhain* : *Dúileamhain*).

**28c.** De réir mo thuisceana, tagraíonn an forainm sealbhach *a* don ainmfhocal baininsneach *eagla* sa líne roimhe.

**29a.** Maidir le *ba* a athrú go *fa*, féach nóta 6c thuas.

**30a.** De réir mo thuisceana, is forainm réamhfhoclach é *de* sa líne seo. Tá an réamhfhocal á úsáid leis an mbriathar *leanaidh* leis an mbrí ‘adheres to, stays with, follows’ (*DIL* s.v. *lenaid* I) agus is é *diadhacht chroidhe* ainmní an bhriathair.

**30b.** Níl an séimhiú bainte agam de *fhoinn* ar lorg ainmneach uatha firinsneach sa líne seo agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh. Tá an séimhiú seo deimhnithe ag uaim na líne.

**30c.** Maidir le *ar aba sin*, féach Mac Cárthaigh (2002: 117) nóta 33a.

**31c.** Tá sé deacair ciall a bhaint as an dara cuid den líne seo sa mhéid is nach bhfásann grán ‘grain’ ar dhriseacha, agus tá sé á thuiscint agam go scaoilte mar ‘fruit’. Féach freisin *granna finemnach* ‘grapes’ (*ACL* 331.20).

Maidir le ‘crop, produce’ mar aistriúchán ar *barr*, féach *DIL* s.v. 1 *barr* (f).

**32a.** Tá *robudh* (modh coinníollach) na LSí athraithe agam go *do budh* (aimsir chaite) ionas go dtagann sé leis na línte eile sa rann (.i. an chopail i líne 32b *fa hálainn*, 32c *fa corcra*). Féach freisin nóta 6c thuas.

**33a.** Maidir le *bá* a athrú go *fa*, féach nóta 6c thuas.

**34a.** Maidir le *bá* a athrú go *fa*, féach nóta 6c thuas.

**35c.** Is sampla é an comhfhocal *cneasghloin* d’aidiacht shubstainteach agus tá sé aistrithe agam mar ‘bright-skinned one’.

**36a.** Cé go mbeifí ag súil le séimhiú ar lorg *turaidh* (ginideach uatha firinsneach a chríochnaíonn ar chonsan caol), níl séimhiú curtha ar fáil agam agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh.

**36d.** Tá léamh B (*go huaigneach*) curtha ar fáil agam san eagrán seachas léamh A (*gan huaigneach*).

## GIORRÚCHÁIN

|                        |                                                                                                                                                                                        |
|------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <i>ACL</i>             | Whitley Stokes, Kuno Meyer, <i>Archiv für celtische Lexikographie</i> , vol. 1 (Halle, 1900).                                                                                          |
| <i>AiD</i>             | Lambert McKenna (ed. & trans.), <i>Aithdioghluim Dána</i> (Dublin, 1939, 1940).                                                                                                        |
| <i>DG</i>              | Tomás Ó Rathile (eag.), <i>Dánta Grádha</i> (Corcaigh, 1926).                                                                                                                          |
| <i>Pacata Hibernia</i> | Sir Thomas Stafford, Sir George Carew, <i>Pacata Hibernia, or A History of the Wars of Ireland during the Reign of Queen Elizabeth</i> , Vol. 1, Standish O'Grady (ed.) (London 1896). |

## LEABHARLIOSTA

- BURKE, JOHN BERNARD 1893: 'Pedigree of O'Sullivan Beare by Sir J. Bernard Burke', in G. E. Meredith, J. B. Burke and T. C. Amory (eag.), *Materials for a History of the Family of John Sullivan of Berwick, New England, and of the O'Sullivans of Ardea, Ireland* (Cambridge).
- MAC CÁRTHAIGH, EOIN 2002: 'Dia libh, a uaisle Éireann (1641)', *Ériu* 52, 89–121.
- MOODY, THEODORE WILLIAM, MARTIN, FRANCIS XAVIER, and BYRNE, FRANCIS JOHN (eag.) 1976: *A New History of Ireland*, vol. III: *Early Modern Ireland, 1534–1691* (New York).
- NÍ DHOMHNAILL, CÁIT 1975: *Duanaireacht* (Baile Átha Cliath).
- O'DONOVAN, JOHN (eag.) 1849: *Miscellany of the Celtic Society* (Dublin).
- O'FLATHERTY, ANNIE 1918: 'A poem by Tadhg Ó Dálaigh', *Galway Archaeological and Historical Society Journal* 10, 46–57.
- O'RAHILLY, T. 1926: *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. I (Dublin).

PHILIP MAC A' GHOILL

*Ollscoil Mhá Nuad*